

An Fathach ar Chnoc Chill Iníon Léinín

Le Mac Dara Ó Drisceoil, 9 mbliana d'aois

Catagóir: Páistí faoi 12

‘Imigí libh a chladhairí!’ a chuala mé á screadáil. Bhí mé ar shiúlóid ar Chnoc Chill Iníon Léinín. Chuaigh mé chun fáil amach céard a bhí ag tarlú. Bhí tríocha fear le claimhte agus bandaí cinn dearga ag tarraingt fathaigh. Ninjas a bhí iontu. Bhí cuma gránna i súile na Ninjas agus bhí Cuma cineálta ar shúil an fhathaigh. ‘Caithfear iad a stopadh’ a smaoinigh mé. ‘Céard a dhéanfaidh mé?’.

Shleamhnaigh mé go dtí rópaí an fhathaigh. Tharraing mé scian ghéar as mo mhála agus ghearr mé na rópaí. Thosaigh mé ag troid leis na Ninjas leis an scian. Léim an fathach ina sheasamh agus rinne sé scrios ar na Ninjas le cic amháin. ‘Go raibh maith agat’ arsa an fathach. ‘Tá fáilte romhat’ a dúirt mé. ‘Tá mé chun tú a chur i bhfolach ó dhaoine gránna. Tar liom.’ Thaispeáin mé pluais ollmhór dó. Chuaigh sé isteach. ‘Go raibh maith agat’ arsa an fathach. ‘Má bhíonn cabhair uait riamh abair an focal ‘SEOSAM’ ós ard agus beidh mé ann”.

D’imigh mé abhaile. Bhí nóta ann dom. Phioc mé suas é agus léigh mé é. ‘Duine – abair linn cá bhfuil an fathach nó ionsóidh muid Éire. Le fuath, Abaic Rí na Ninja.’ ‘Céard a dhéanfaidh mé?’ a dúirt mé liom fhéin. Ar dtús ghlaoigh mé ar arm na hÉireann ar an bhfón. Dúirt mé leo a bheith réidh i gcóir cogadh mór. Níor thug mé m’ainm dóibh.

Tar éis trí mhí tháinig na Ninjas i spáslong go trá Chill Iníon Léinín. Throid Arm na hÉireann agus mise iad ach bhí muid ag cailliúint. Dúirt mé ‘SEOSAM!’ agus go tobann bhí an fathach in aice liom ag troid. Thosaigh na Ninjas ag cailliúint. D’imigh siad leo ina spáslong. Bhí gach duine an-shásta leis an bhfathach ó Chnoc Chill Iníon Léinín. Chabhraigh sé le daoine go minic ina dhiaidh sin.